Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11978/25**

**ECOFIN 1069**
**UEM 407**
**STATIS 57**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 28 Iúil 2025 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 442 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, cumhacht a thugtar don Choimisiún faoi Rialachán (AE) 2016/792 maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus maidir leis an innéacs praghsanna tithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 442 final.

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.7.2025
COM(2025) 442 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, cumhacht a thugtar don Choimisiún faoi Rialachán (AE) 2016/792 maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus maidir leis an innéacs praghsanna tithe**

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, cumhacht a thugtar don Choimisiún faoi Rialachán (AE) 2016/792 maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus maidir leis an innéacs praghsanna tithe**

## 1. CÚLRA

Faoi Rialachán (AE) 2016/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus maidir leis an innéacs praghsanna tithe([1]) , cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh (féach Airteagal 10 maidir le feidhmiú an tarmligin).

Baineann an cumhachtú seo leis na cuspóirí seo a leanas:

- Iarscríbhinn I a leasú, chun inchomparáideacht na n-innéacsanna comhchuibhithe ar an leibhéal idirnáisiúnta a áirithiú i gcomhréir le hAicmiú an Tomhaltais Aonair de réir Cuspóra (COICOP) de chuid na Náisiún Aontaithe (Airteagal 4(3));
- míreanna a chur leis an liosta in Airteagal 4(4), an chéad fhomhír;
- an liosta a leagtar amach in Airteagal 5(8) a mhodhnú chun 'cluichí áidh' a áireamh san Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí (ICPT) agus in ICPT ag rátaí cánach seasmhacha (ICPT-CT).

Agus an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh á feidhmiú ag an gCoimisiún, ní mór dó a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2016/792, go bhfuil údar leis na gníomhartha sin agus nach gcuireann siad ualach mór breise ar na Ballstáit ná ar na haonaid is freagróirí. Ceanglaítear le hAirteagal 10(2) freisin ar an gCoimisiún a ghnáthchleachtas a leanúint agus dul i gcomhairle le saineolaithe, lena n-áirítear sna Ballstáit, mar chuid den obair ullmhúcháin don ghníomh tarmligthe.

Ar deireadh, faoi Airteagal 10(5), ní mór don Choimisiún fógra a thabhairt, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle a luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe.

## 2. BUNÚS DLÍ

Faoi Airteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2016/792, tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh go ceann tréimhse 5 bliana ón 13 Meitheamh 2016. Tá an chumhacht sin le fadú go hintuigthe go ceann tréimhsí 5

---

(1) Rialachán (AE) 2016/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus maidir leis an innéacs praghsanna tithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2494/95 ón gComhairle (IO L 135, 24.5.2016, lch. 11, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2016/792/oj).

bliana, ach amháin má chuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

Tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir le húsáid tharmligean na cumhachta tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh gach tréimhse 5 bliana.

Comhlíonann an tuarascáil seo an oibleagáid sin.

## 3. FEIDHMIÚ CUMHACHTAÍ TARMLIGHTE AG AN gCOIMISIÚN

In 2020, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil COM(2020) 354 final ([2]) lenar cumhdaíodh an chéad tréimhse 5 bliana inar úsáideadh an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi Airteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2016/792 agus thug sé dá aire, le linn na tréimhse sin, nár feidhmíodh an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

Ar feadh na tréimhse ina dhiaidh sin, de réir fhadú intuigthe tharmligean na gcumhachtaí, d'fheidhmigh an Coimisiún a chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, mar a thugtar dó faoi Airteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2016/792, trí Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3159 ón gCoimisiún a ghlacadh ([3]).

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3159 ón gCoimisiún, leasaíodh Rialachán (AE) 2016/792 a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- Iarscríbhinn I 'Aicmiú Eorpach an Tomhaltais Aonair de réir Cuspóra (ECOICOP)' a thabhairt cothrom le dáta le leagan nua ('ECOICOP, Leagan 2'), i gcomhréir leis an gcumhacht a thugtar don Choimisiún faoi Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2016/792; agus
- cluichí áidh a áireamh in ICPT agus ICPT-CS, i gcomhréir leis an gcumhacht a thugtar don Choimisiún faoi Airteagal 5(8), an dara mír, de Rialachán (AE) 2016/792.

Bhí gá le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/792 a leasú chun inchomparáideacht na n-innéacsanna comhchuibhithe praghsanna ar an leibhéal idirnáisiúnta a áirithiú tar éis ghlacadh COICOP 2018 na Náisiún Aontaithe([4]). Leis an leasú, is féidir ECOICOP a ailíniú le COICOP athbhreithnithe na Náisiún

([2]) Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, cumhacht a thugtar don Choimisiún faoi Rialachán (AE) 2016/792 maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus maidir leis an innéacs praghsanna tithe, COM(2020)354 final.

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3159 ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus maidir leis an innéacs praghsanna tithe a mhéid a bhaineann le haicmiú tomhaltais agus le cluichí áidh a áireamh, (IO L, 2024/3159, 20.12.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg_del/2024/3159/oj/eng).

([4]) Féach foilseachán Roinn Staidrimh na Náisiún Aontaithe, UNSD — COICOP.

Aontaithe, rud a léiríonn na hathruithe móra ar phatrúin tomhaltais teaghlach ó bunaíodh COICOP bunaidh na Náisiún Aontaithe in 1999.

D'fhorbair an Coimisiún, i gcomhairle le grúpaí saineolaithe, treoraíocht mhodheolaíoch, lena n-áirithítear leibhéal leordhóthanach comhchuibhithe chun fo-innéacs a thiomsú le haghaidh cluichí áidh. Ar an gcúis sin, bhain sé úsáid as a chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a leagtar amach in Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2016/792 chun cluichí áidh a bhaint de thábla na míreanna eisiata faoi raon feidhme ICPT i gcomhréir le hAirteagal 5(8) den Rialachán céanna. Dá bhrí sin, áirítear cluichí áidh in ICPT anois mar chuid de chaiteachas airgeadaíochta tomhaltais deiridh teaghlaigh.

Beidh feidhm ag an ngníomh tarmligthe ó mhí tagartha Eanáir 2026.

Agus cluichí áidh á n-áireamh in ICPT agus ICPT-CT, cuirtear deireadh leis an gcumhacht tharmligthe a tugadh chun Airteagal 5(8) a leasú, ós rud é go bhfuil na hathruithe is féidir a dhéanamh mar gheall air sin déanta cheana féin.

Leis an leasú ar an aicmiú, d'fhéadfaí tionchar a imirt ar an gcomhsheasmhacht idir an t-aicmiú nua agus liosta na míreanna eisiata sa tábla in Airteagal 5(8). Dá bhrí sin, mar a leagtar amach sa cheathrú brollach de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3159 ón gCoimisiún, i gcás difríochtaí, ba cheart an tábla a thuiscint mar thagairt don aicmiú leasaithe le haghaidh na dtáirgí liostaithe eile.

Chun aghaidh a thabhairt ar an gcostas agus ar an ualach atá ar na Ballstáit, mar a leagtar amach in Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2016/792, leithdháileadh tacaíocht airgeadais ó bhuiséad ginearálta an Aontais trí dheontais, bunaithe ar thograí na mBallstát agus de réir na riachtanas atá ann tacú leis na hathruithe is gá ina gcórais táirgthe náisiúnta chun freastal ar an aistriú chuig aicmiú nua COICOP agus chun ullmhú do chluichí áidh a áireamh.

Cuireadh moltaí sonracha maidir le déileáil le cluichí áidh([5]) ar fáil freisin do na Ballstáit agus do na freagróirí chun tacú leo agus an t-athrú sin á chur chun feidhme.

Na hathruithe ar Rialachán (AE) 2016/792, a measadh a bheith riachtanach chun ardchaighdeáin chruinneas staidrimh ICPT a choinneáil ar bun, pléadh le saineolaithe ó na Ballstáit iad, mar a cheanglaítear faoin tríú mír d'Airteagal 10(2) den Rialachán céanna.

Chonacthas sineirgí freisin agus an dá athrú á nglacadh le chéile.

Ar an iomlán, agus cumhachtaí tarmligthe á n-úsáid ag an gCoimisiún, cuirfear feabhas ar ábharthacht na n-innéacsanna comhchuibhithe praghsanna chun na struchtúir eacnamaíocha atá ann faoi láthair agus na caighdeáin staidrimh is airde a léiriú.

---

([5]) Moltaí maidir le déileáil le cluichí áidh in ICPT - Nollaig 2024

## 4. CONCLÚID

Trí Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3159 ón gCoimisiún a ghlacadh, d’fheidhmigh an Coimisiún a chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2016/792.

Measann an Coimisiún gur cheart dó na cumhachtaí tarmligthe a sholáthraítear le Rialachán (AE) 2016/792 a choinneáil chuige féin. Na cumhachtaí chun Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2016/792 a mhodhnú nó chun Iarscríbhinn I a athrú a thuilleadh, tá siad fós fíor-riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais amach anseo a eascróidh as forbairtí boilscithe. Mar thoradh air sin, cuirfear feabhas ar na hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus ar an innéacs praghsanna tithe, ionas go leanfaidh siad de chaighdeáin arda a chomhlíonadh i dtéarmaí cáilíochta agus inchomparáideachta.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.